

Preaseisiúint FRA

Vín/an Bhruiséil, 29 Samhain 2016

## **Tá 80% den phobal Romach i mbaol na bochtaineachta, dar le suirbhé nua**

**Tá díothacht leathan ag scriosadh shaol na ndaoine sa phobal Romach. Léirítear i dtuarascáil nua ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) go bhfuil teaghlaigh ag maireachtáil i ndálaí millteanacha amuigh ón tsochaí agus nach bhfuil mórán deiseanna i ndán do leanaí ar bheagán oideachais. Déantar anailís sa tuarascáil ar na bearnaí i gcuimsiú na Romach ar fud AE chun treoir a thabhairt do na Ballstáit atá ag iarraidh feabhas a chur ar a mbeartais um lánpháirtíú.**

*“Ní féidir glacadh leis an teip shoiléir atá orainne san Eoraip seasamh le cearta daonna ár bpobal Romach. Mórchliseadh an dlí agus an bheartais in AE agus ina Bhallstáit atá sna leibhéil díothachta, imeallaithe agus idirdhealaithe atá ag cur as don mhionlach is mó san Eoraip,” arsa [Michael O’Flaherty](#), Stiúrthóir FRA. “Le foilsiú na dtorthaí sin, tugtar deis dúinn spreagadh a thabhairt don lucht déanta beartas dul i mbun birt agus acmhainní a dhíriú ar an gcás doghlactha seo a chur ina cheart.”*

Léirítear na torthaí seo a leanas sa [Second European Union Minorities and Discrimination Survey \(EU-MIDIS II\): Roma – selected findings \(An Dara Suirbhé ón Aontas Eorpach ar Mhionlaigh agus ar Idirdhealú \(EU-MIDIS II\): An Pobal Romach – torthaí roghnaithe\)](#):

- Tá 80% de na Romaigh a cuireadh faoi agallamh i mbaol na bochtaineachta. Is é 17% an meánráta in AE. Tá 30% díobh ina gcónaí i dtithe nach bhfuil uisce buacaire acu agus níl leithreas faoi dhíon, cithfholcadán ná seomra folctha ag 46% díobh.
- Téann 30% de leanaí Romacha a luí agus ocras orthu.
- Ní fhreastalaíonn ach 53% de leanaí óga Romacha ar an oideachas luath-óige. Is minic is lú an céatadán de leanaí óga Romacha a fhreastalaíonn air ná leath an lín leanaí atá ar comhaois sa phobal i gcoitinne sa tír a dhéanann amhlaidh.
- Níl ach 30% de na Romaigh a ndearnadh suirbhé orthu i mbun fostaíocht íoctha, i gcomparáid le 70% den phobal i gcoitinne in AE.
- Tá 41% den phobal Romach den tuairim go ndearnadh idirdhealú ina n-aghaidh tráth ar bith le 5 bliana anuas i gcúrsaí laethúla amhail fostaíocht a lorg, san áit oibre agus i gcúrsaí tithíochta, sláinte agus oideachais.
- Ní heol do 82% den phobal Romach go bhfuil eagraíochtaí ann a thairgeann tacaíocht d’íospartaigh an idirdhealaithe.

D’ainneoin na n-iarrachtaí atá déanta ag na Ballstáit, léirítear i dtorthaí an tsuirbhé gurb amhlaidh nach bhfuil na Ballstáit ag comhlíonadh a spriocanna maidir le lánpháirtíú, rud is eochairghné de [Chreat AE do Straitéisí Náisiúnta maidir le Lánpháirtíú na Romach, 2011](#). Leagtar béim sna torthaí go bhfuil na nithe seo ag teastáil:

- tacaíocht foghlama luath-óige agus scolaíocht lánpháirtithe
- deiseanna oideachais níos fearr agus níos mó cosanta sóisialta chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht
- oideachas agus oiliúint spriocdhírthe chun cabhair a thabhairt do dhaoine óga Romacha agus do mhná Romacha go sonrach nuair atá siad ag aistriú ón mbunoideachas go dtí an meánoideachas agus nuair atá siad ag lorg oibre ina dhiaidh sin.

Tá an tuarascáil bunaithe ar shuirbhé inar bailíodh faisnéis faoi 34,000 Romach i naoi mBallstát de chuid an Aontais Eorpaigh (AE). Tugadh an fhaisnéis as geall le 8,000 agallamh aghaidh ar aghaidh a rinneadh le Romaigh. Tá an tuarascáil ina cuid den [Dara Suirbhé ón Aontas Eorpach ar Mhionlaigh agus ar Idirdhealú](#) (EU-MIDIS II). Is suirbhé é inar bailíodh sonraí faoin idirdhealú agus faoin íospairt a fhulaingíonn inimircigh agus mionlaigh eitneacha agus sonraí faoina n-ioncam agus faoina ndálaí maireachtála sna 28 mBallstát de chuid an AE.

**Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach an [pacáiste preasa](#) nó gabh i dteagmháil le: [media@fra.europa.eu](mailto:media@fra.europa.eu) / Teil.: +43 1 580 30 642**

#### **Nótaí d'eagarthóirí:**

- Cuireann Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) comhairle fhianaisebhunaithe ar fáil do chinneadóirí AE agus náisiúnta, áit a gcuireann sí le díospóireachtaí agus beartais níos eolaí agus níos spriocdhírthe a sholáthar ar chearta bunúsacha.
- Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ar líne faoi [obair na Gníomhaireachta leis an bpobal Romach](#), lena n-áirítear a [tionscadal um rannpháirtíocht áitiúil le haghaidh chuimsiú na Romach](#). Rinne an Ghníomhaireacht suirbhé ar an bpobal Romach sa bhliain [2008](#) agus sa bhliain [2011](#) freisin.